
# Tuarascáil Riosca Oifige – Lúnasa 2021

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha ar an Idirlíon gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar ‘theasléaráid déine’ riosca. Is iad sin na rioscaí ‘iarmharacha’, agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar ‘ard’ tugtha sa roinn ‘conclúidí’.




MEÁNACH

| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí agus scrúduithe a éascú |
| 2 | D’fhéadfadh iompar míréasúnta gearánach tionchar diúltach a imirt ar an bhfoireann agus ar an lucht bainistíochta |
| 3 | D’fhéadfadh sé nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht foirne mar gheall ar phróisis |
| 4 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| 5 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar riachtanais níos casta |
| 6 | D’fhéadfadh páirtithe leasmhara seachtracha féachaint ar spriocanna deimhniúcháin iniúchóireachta mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais |
| 7 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| 8 | An baol nach ndéanfar an t-athrú chuig timpeallacht oibre cumaisc a bhainistiú go leordhóthanach |
| 9 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| 10 | Neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) |

### Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca agus bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí Lúnasa 2021 go bhfuil laghdú tagtha ar an riosca a bhaineann leis *an mbaol nach ndéanfar an t-athrú chuig timpeallacht oibre cumaisc a bhainistiú go leordhóthanach*, agus é ag laghdú ó riosca ard ina riosca meánach tar éis don Bhord Iniúchóireachta samhail oibre amach anseo OCAG a cheadú agus ós rud é go bhfuil an tsamhail i gcomhréir leis an dréachtchreat beartais oibre cumaisc ó DPER. Maidir leis an riosca a sainaithníodh roimhe seo á rá go *bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht na gcliant ar a gcumas iniúchtaí a éascú*, leathnaíodh é chun scrúduithe a chur san áireamh freisin.

Tháinig laghdú ar an riosca a bhaineann le *sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair ón mbaile thar thréimhse fhada agus riachtanais níos casta* agus leasaíodh an tuairisc chun an tagairt d’obair ón mbaile thar thréimhse fhada a bhaint.